Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10344/22**

**EF 170**
**ECOFIN 627**
**DELACT 92**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3585 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 10.6.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 150/2013 a mhéid a bhaineann le mionsonraí na n-iarratas ar chlárú mar stór trádála agus le haghaidh iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3585 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3585 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3585 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.6.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 150/2013 a mhéid a bhaineann le mionsonraí na n-iarratas ar chlárú mar stór trádála agus le haghaidh iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (EMIR REFIT)[1] agus lena dtugtar isteach roinnt cumhachtuithe le haghaidh ESMA chun caighdeáin theicniúla chur chun feidhme agus rialála a fhorbairt. Foráiltear in Airteagal 56(3) agus in Airteagal 56(4) de EMIR, arna leasú le EMIR REFIT gur cheart do ESMA caighdeáin theicniúla rialála agus chur chun feidhme a fhorbairt ar caighdeáin iad a bhaineann le clárú stórtha trádála agus leis an síneadh le clárú na stórtha sin. Is é is cuspóir leis stórtha trádála atá cláraithe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide[2] (Idirbheart um Maoiniú Urrús - IMU) a cheadú le húdarú a fháil faoi EMIR i nós imeachta simplithe (síneadh a chur le clárú).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

### *Gnéithe nós imeachta*

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir lena dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus a chur chun feidhme idir an 26 Márta 2020 agus an 3 Iúil 2020. Fuair ESMA 41 fhreagra ón bpobal san iomlán agus 10 bhfreagra rúnda.

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, ghlac ESMA a Thuarascáil Deiridh maidir le 'Caighdeáin theicniúla maidir le tuairisciú, rochtain sonraí, agus clárú Stórtha Trádála faoi EMIR REFIT'[3] an 17 Nollaig 2020.

### *Tuairimí na bpáirtithe leasmhara*

Sa Pháipéar Comhairliúcháin thug ESMA le fios gur tugadh Airteagal 56(3) de EMIR cothrom le dáta chun go n- áireofaí tagairt d'fhoráil lena ndéantar aithris ar an bhforáil in Airteagal 5(7)(c) den Idirbheart um Maoiniú Urrús a mhéid a bhaineann leis an síneadh a chur le clárú faoi EMIR le haghaidh na stórtha trádála atá cláraithe faoi IMU. Sa chomhthéacs sin, tugtar de chumhacht do ESMA mionsonraí an chur i bhfeidhm shimplithe a shainiú maidir leis an síneadh a chur le clárú. Is fiú a thabhairt faoi deara gurb ionann an próiseas agus na hamlínte i dtaca le clárú nua agus le síneadh a chur le clárú. Ní bhfuair ESMA ach aiseolas an- teoranta maidir lena mholtaí.

Thairis sin, mhol ESMA íocaíocht na dtáillí ábhartha a áireamh mar choinníoll chun an stór trádála a chlárú faoi EMIR. Mhol freagróir amháin go gceadófaí comhiarratas le haghaidh EMIR agus IMU le chéile. Ní aontaíonn ESMA leis sin toisc go mbíonn na cinntí maidir le clárú ar leithligh ó chéile agus go mbíonn sé níos éasca tagairtí do na hiarratais a choimeád ar leithligh.

---

1 IO L 141, 28.5.2019, lgh. 42–63

2 IO L 337, 23.12.2015, lgh. 1–34

3 https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma74-362-824_fr_on_the_ts_on_reporting_data_quality_data_access_and_registration_of_trs_under_emir_refit_0.pdf

## 3. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe ar na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme atá beartaithe ach tá a mheasúnú bunaithe ar anailís costais agus tairbhe ESMA a áiríodh ina Thuarascáil Deiridh.

Rinne an Coimisiún anailís cheana féin ar na príomhchinntí i dtaca le beartais maidir leis an togra reachtach as ar eascair Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus d'fhoilsigh an Coimisiún na príomhchinntí sin freisin.

Tuigeann ESMA gur cheart go n- éascódh na leasuithe atá beartaithe ar na caighdeáin theicniúla cur i bhfeidhm na stórtha trádála agus go n- ailínítear ceanglais EMIR agus IMU chuige sin leo.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaíonn Airteagal 1 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 maidir leis an bhfaisnéis atá san iarratas ar chlárú stóir trádála faoi EMIR, íocaíocht na dtáillí i gcás ina ndéanfaidh stór trádála iarratas ar chlárú faoi EMIR, an fhaisnéis atá le soláthar tráth a dhéanann stór trádála atá cláraithe cheana féin faoi IMU iarratas ar shíneadh a chur le húdarú chun seirbhísí maidir le EMIR a sholáthar.

In Airteagal 2 leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm na leasuithe atá beartaithe, agus tá dáta sonrach ann maidir lena gcur i bhfeidhm, is é sin, 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin tharmligthe atá beartaithe, maidir le leasuithe a bhaineann le hábhar an iarratais ar chlárú.

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 10.6.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 150/2013 a mhéid a bhaineann le mionsonraí na n-iarratas ar chlárú mar stór trádála agus le haghaidh iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[4], agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 56(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013[5] ón gCoimisiún mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála.

(2) I ndiaidh theacht isteach Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ceanglaítear ar stórtha trádála na nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach mar aon leis na nósanna imeachta le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú. D'fhonn a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí chun go mbeidh sé in ann a fhíorú go gcomhlíonann stór trádála na ceanglais sin agus measúnú á dhéanamh ar an iarratas ar stór trádála a chlárú, ba cheart a chur de cheangal ar stórtha trádála faisnéis a sholáthar ar faisnéis í a bhaineann leis na nósanna imeachta a chuir siad i bhfeidhm chun aitheantas na n- úsáideoirí a fhaigheann rochtain ar na sonraí a fhíordheimhniú, aiseolas a sholáthar d'eintitis ábhartha maidir le húdarú an eintitis ag a bhfuil tuarascáil á cur isteach, iomláine agus cruinneas na sonraí a fhíorú, réiteach agus torthaí an phróisis réitigh, chun aiseolais rabhaidh a sholáthar d'eintitis ag a bhfuil iarratas á chur isteach agus chun aitheantóirí eintitis

[4] IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála (IO L 52, 23.2.2013, lch. 25).

[6] Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca do chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach n- imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42).

dhlítheanaigh a athrú, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe …/... (AE) ón gCoimisiún[7+].

(3) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann na stórtha trádála na caighdeáin rialála is airde, is gá rialacha breise a thabhairt isteach maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar i dtaca leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an iniomparthacht, na saincheisteanna TF a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht na sonraí agus maidir leis an logleabhar tuairiscithe.

(4) Ba cheart mionsonraí iarratais shimplithe i dtaca leis an síneadh le clárú a leagan síos chun go gceadófar do na stórtha trádála atá cláraithe cheana féin faoi Rialachán (AE) Uimh 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] síneadh lena gclárú a fháil faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. D'fhonn aon dúbláil ceanglas a sheachaint, níor cheart a chur de cheangal ar na stórtha trádála a dhéanfaidh iarratas ar shíneadh le clárú ach faisnéis ar na leasuithe ar a gcórais, a bpróisis agus a n- acmhainní a sholáthar ar faisnéis í is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann siad ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(5) Tá íocaíocht na dtáillí is infheidhme ag stórtha trádála, tráth a chuireann siad iarratas isteach ar chlárú nó chun síniú a fháil le clárú mar stór trádála, fíor- riachtanach chun speansais an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí a bhaineann leis an gclárú nó leis an síneadh sin le clárú a chumhdach. Ba cheart an cruthúnas gur íocadh na táillí a áireamh san iarratas dá bhrí sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 a leasú dá réir sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(9) D'fhonn stórtha trádála a chumasú chun na gníomhaíochtaí uile a dhéanamh ar gníomhaíochtaí is gá iad chun oiriúnú do na hathruithe ar na ceanglais a thugtar isteach leis an Rialachán seo agus a bhaineann leis an bhfaisnéis ar fhíorú iomláine agus cruinnis sonraí, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha sin a chur siar,

---

[7] Rialachán Tarmligthe …/... (AE) ón gCoimisiún ó ... lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú (IO L ...).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an *C(2022) 3581* agus líon isteach sonraí an Rialacháin san fhonóta.

[8] Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).

[9] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

‘Beidh an fhaisnéis a leanas in iarratas ar chlárú mar stór trádála:

(a) nósanna imeachta um fhíordheimhniú aitheantas na n- úsáideoirí a bhfuil rochtain acu ar an stór trádála i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(a) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(b) nósanna imeachta um fhíorú chomhlíontacht an teimpléad XML a úsáideadh chun díorthaigh a thuairisciú don stór trádála le modheolaíocht ISO 20022 i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(b) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(c) nósanna imeachta um fhíorú údarú an eintitis a thuairiscíonn thar cheann an chontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(c) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(d) nósanna imeachta chun a fhíorú go gcoinnítear sraith loighciúil mhionsonraí na ndíorthach tuairiscithe ar bun i gcónaí i gcomhréir le hAirteagal 1(1) pointí (d)- (k) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(e) nósanna imeachta chun iomláine agus cruinneas mhionsonraí sonraí na ndíorthach tuairiscithe a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 1(1) pointe (l) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(f) nósanna imeachta um réiteach sonraí i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(g) nósanna imeachta chun aiseolas a sholáthar do na contrapháirtithe sna díorthaigh, do na heintitis atá freagrach as tuairisciú nó do na tríú páirtithe a thuairiscíonn thar a gceann, maidir leis na fíorúcháin a rinneadh faoi phointí (a) go (e) i gcomhréir le hAirteagail 1(3) agus 4(2) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*] agus maidir le torthaí an phróisis réitigh faoi phointe (f) i gcomhréir le hAirteagal 3(5) agus Airteagal 4(2) de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(h) nósanna imeachta maidir le haiseolas rabhaidh a sholáthar do na contrapháirtithe sna díorthaigh, do na heintitis atá freagrach as tuairisciú nó do na tríú páirtithe a thuairiscíonn thar a gceann, maidir leis na fíorúcháin a rinneadh i gcomhréir le míreanna 1(e) go 1(g) d’Airteagal 4 de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*];

(i) nósanna imeachta um nuashonruithe aitheantóirí eintitis dhlítheanaigh i gcomhréir le hAirteagal 2 de [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3581*].”

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21, mír 2:

‘2. In iarratas ar chlárú mar stór trádála, beidh na nósanna imeachta chun ionadú ordúil an stóir trádála bhunaidh a áirithiú i gcás ina n- iarrfaidh contrapháirtí tuairiscithe amhlaidh, eintiteas atá freagrach as tuairisciú, nó tríú páirtí a thuairiscíonn thar cheann contrapháirtithe nach dtuairiscíonn, nó i gcás ina mbeidh ionadú den sórt sin mar thoradh ar chlárú a aistarraingt, agus áireofar leo na nósanna

imeachta chun na sonraí a aistriú agus sreabhaí tuairiscithe a atreorú chuig stór trádála eile.’;

(3) cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 22(1), pointe (b):

‘(b) coimeád taifead ar an bhfaisnéis tuairiscithe uile a bhaineann leis an gconclúid, an modhnú nó le foirceannadh conartha díorthaigh i logleabhar tuairiscithe lena sainaithnítear an duine nó na daoine a d’iarr an ghníomhaíocht, lena n- áirítear an stór trádála féin más infheidhme, na cúiseanna le gníomhaíocht den sórt sin, an dáta agus am na gníomhaíochta agus na seansonraí agus na sonraí nua mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*][10+];’;

(4) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tuairisc ar na hacmhainní, na modhanna agus na saoráidí a úsáideann an stór trádála chun rochtain ar shonraí a bhaineann le mionsonraí na gconarthaí díorthach ag na húdaráis ábhartha a éascú i gcomhréir le hAirteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, log lena liostaítear saincheisteanna TF ag na stórtha trádála a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht na sonraí a chuirtear ar fáil do na húdaráis ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, minicíocht an nuashonraithe agus na rialuithe agus na fíoruithe a fhéadfaidh an stór trádála a bhunú le haghaidh phróiseas scagtha na rochtana, mar aon le cóip d’aon lámhleabhar sonrach agus d’aon nós imeachta inmheánach; ’;

(5) cuirtear an teideal a leanas ar Chaibidil 2 isteach i ndiaidh Airteagal 23a:

CAIBIDIL 2

SÍNEADH LE CLÁRU’;

(6) cuirtear an tAirteagal 23b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 23b

Síneadh le clárú

In iarratas a dhéanfar ar shíneadh le clárú atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** beidh an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 1, seachas mír 2, pointe (k), Airteagail 2 agus 5, Airteagal 7, seachas mír 2, pointe (d), Airteagal 8(b), Airteagal 9(1), pointí (b) agus (e), Airteagal 11, Airteagal 12(2), Airteagal 13, Airteagal 14(2), Airteagal 15, Airteagal 16, seachas pointe (c), Airteagail 17 go 23a agus Airteagal 23c.

------------------------------

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) …/... ón gCoimisiún lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe le haghaidh tuairiscithe (IO L ...).

+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an *C(2022) 3588* agus líon isteach sonraí an Rialacháin san fhonóta.

** Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).";

(7) cuirtear an teideal a leanas ar Chaibidil 3 isteach i ndiaidh Airteagal 23b:

CAIBIDIL 3

TÁILLÍ AGUS FÍORÚ';

(8) cuirtear an tAirteagal 23c seo a leanas isteach:

'Airteagal 23c

Táillí a íoc

In iarratas ar chlárú nó ar shíneadh le clárú mar stór trádála, beidh cruthúnas gur íocadh na táillí ábhartha i dtaca le clárú nó le síneadh a chur le clárú mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 1003/2013* ón gCoimisiún.

---

* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1003/2013 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar stórtha trádála (IO L 279, 19.10.2013, lch. 4).'.

(9) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Maidir le haon fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ESMA le linn an phróisis chláraithe nó le síneadh a chur le clárú, beidh litir in éineacht léi a bheidh sínithe ag comhalta de bhord an stóir trádála agus ag an mbainistíocht shinsearach, lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán de réir mar is fearr is eol dóibh, amhail an dáta ar cuireadh an fhaisnéis sin isteach.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(1) ó ... [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach an dáta – an chéad Luan tar éis an dáta atá cothrom le 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo.*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*